## Cleachtadh eagarthóireachta 5: treoracha do phaisinéirí

*Cuir i gcás go gcaithfidh tú cóipeagarthóireacht a dhéanamh ar an téacs seo thíos, i.e. gach botún litrithe agus gramadaí ann a cheartú.*

*Téacs caighdeánach atá de dhíth. Más fearr leat cloí leis na nósanna a gcuirtear síos orthu in Forlíonadh Teanga agus Gramadaí leis an* New English–Irish Dictionary *(de rogha ar a bhfuil in* Gramadach na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil*), cuimhnigh gur cheart a bheith leanúnach agus gan a bheith anonn is anall idir an dá fhoinse thagartha.*

### Modh oibre

- Léigh an téacs uair amháin ó thús deireadh gan rud ar bith a mharcáil.
- Léigh arís go cúramach é agus cuir líne faoi gach leagan a mheasann tú a bheith mícheart nó neamhchaighdeánach agus faoi gach leagan atá le seiceáil agat. Gabh siar ar an téacs nó ar chodanna de chomh minic agus is gá.
- Cuimhnigh nach bhfuil stíl an téacs le hathrú. Seans go bhféadfaí an prós a fheabhsú, ach ní chuige sin atáimid.
- Léigh tríd an téacs arís agus breac an leagan ceart nó an leagan caighdeánach os cionn na líne nó ar thaobh an leathanaigh.
- Más i rang nó i seimineár atá an cleachtadh á dhéanamh, bí réidh le do chuid ceartúchán a mhíniú.
- Cuir d'iarracht féin i gcomparáid le Nótaí ar chleachtadh eagarthóireachta 5.

**Tá áthas ar Aer Lingus fáilte a chur romhat ar bord.**

Tá foireann an chábáin anseo le cinntiú go mbainfidh tú taithneamh as do thuras. Mar sin de, ná bíodh leisc ort cabhair a iarraidh orthu. Ar mhaithe le do chompord agus do shábháilteacht, iarrann muid ort aird a thabhairt ar an bhfoireann ag tús na heitilte agus iad ag taispeáint conas a n-úsáidtear an fearas slándála. Iarrtar ort an cárta threoracha slándála atá i bpóca an tsuíocháin ós do chomhair a léamh leis.

**Sábháilteacht**

Is féidir le fearas leictreonach in-iompartha cur isteach ar threalamh an eitleáin, rud a d'fhéadfadh a bheith contúirteach. 'Sé príomhchúram Aer Lingus ná sábháilteacht ár gcuid paisnéirí agus, dá bharr sin, iarrtar ort aird a bheith agat ar an eolas sa mír seo a leanas:

- Caithfear teileafóin phóca a mhúchadh nuair a dhruidtear doirse an eitleáin nó ar ordú duine den bhfoireann.

- Is ceadmhach leas a bhaint as gléasanna a bhfuil cadhnraí mar fhoinse cumhachta acu, m.sh. uaireadóir leictreonach, áis éisteachta digiteach.
- Ní cheadaítear d'éinne tobac a chaitheamh in aon chuid den eitleán roimh, le linn nó tar éis na heitilte.

**Seirbhísí bia agus dí**

Bíonn rogha leathan bia agus dí le fáil ar sheirbhísí Aer Lingus ar fud na Ríochta Aontaithe agus na hEorpa – bia d'fheoilshéantóirí san áireamh. Ní mór íoc as deochanna de chuile chineál sna seirbhísí sin. Ní mór íoc as deochanna meisciúla inár gcuid seirbhísí tras-Atlantacha freisin, ach cuirtear deochanna neamh-mheisciúla ar fáil gan costas. Tá eolas ar chúl na hirise seo faoi na béilte agus na deochanna is féidir a cheannach.